



Foirm Ghearáin

Treoracha

- Chun gearán a dhéanamh le Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC), comhlánaigh an fhoirm seo agus seol chugainn í.
- Má tá cabhair uait, glaoigh orainn ar 0818 600 800 nó seol ríomhphost chuig complaints@gsoc.ie. Tá cásoibrithe ar fáil chun do ghlaio a fhreagairt ón 10am go 4pm, Luan go hAoine. Is féidir leat teachtaireacht a fhágáil ag iarraidh go nglaofaí ar ais ort, nó chun coinne a dhéanamh le cásoibrí.
- Ar ghearán a fháil, seolfaimid dearbhú agus uimhir thagartha chugat laistigh de sheachtain. Mura bhfaigheann tú sin, déan teagmháil linn.

An fhaisnéis atá uainn agus an fáth léi

Chun gearán a chur isteach lena imscrúdú, ní mór na nithe seo a leanas a bheith againn:

- Do shonraí teagmhála, le go bhféadfaimid teagmháil a dhéanamh leat i ndáil le do ghearán.
- An té is mian leat gearán a dhéanamh faoi (nó faisnéis chun cabhrú linn an garda a shainaithint).
- Dáta(i), am(anna) agus láthair/láithreacha an teagmhais/na dteagmhas.
- Tuairisc ar iompar an gharda a thug ort gearán a dhéanamh.

Tabhair ar aird: Tá an fhaisnéis sin ag teastáil ó GSOC chun ár bhfeidhmeanna faoin Acht an Gharda Síochána, 2005 a fheidhmiú, mar shampla lena chinneadh cibé an féidir nó nach féidir linn do ghearán a imscrúdú. Tá tuilleadh eolais faoi chosaint sonraí agus faoin tslí a mbaineann GSOC úsáid as do shonraí pearsanta le fáil ar ár láithreán gréasáin www.gardaombudsman.ie.

Seirbhísí ateangaireachta agus/nó aistriúcháin:

Má tá seirbhísí ateangaireachta nó aistriúcháin de dhíth ort, is féidir linn iad a shocrú. Cuir tic sa bhosca thíos agus sonraigh an tseirbhís agus an teanga atá de dhíth ort:

Ateangaire de dhíth

Aistriúchán ar dhoiciméad de dhíth

Má chuir tú tic i gceachtar bosca, sonraigh an teanga atá de dhíth: _____

Le húsáid ag foireann GSOC amháin

Tagairt an cháis:

Dáta an ghearáin:

Dáta a bhfuil an fhoirm le seoladh chuig GSOC:

Géarán déanta roimhe seo ag stáisiún Garda

An ndearna tú an gearán seo ag Stáisiún Garda?

Rinne:

Ní dhearna:

Má rinne, cén stáisiún:

Dáta a ndearna tú teagmháil leis an stáisiún:

An ndearna an garda iarracht do ghearán a réiteach?

Rinne:

Ní dhearna:

Ainm nó mionsonraí aitheantais eile an gharda ar phléigh tú leis/léi:

Do mhionsonraí teagmhála

Teideal:

Ainm:

Dáta breithe:

(Tá sin de dhíth chun críche céannachta agus más leanbh tú, tá orainn ár seirbhísí a shaincheapadh duit ag brath ar d'aois)

Seoladh teagmhála:

Uimhir fón póca:

Uimhir theagmhála eile
(mar shampla, baile nó obair):

Seoladh ríomhphoist:

Má tá an gearán seo á dhéanamh agat thar ceann duine éigin eile

Má tá an gearán seo á dhéanamh agat thar ceann duine éigin eile, ní mór don duine sin síniú thíos chun a thoiliú/toiliú a chur in iúl:

Ainm (i mbloclitreacha):

Síniú:

Má tá an gearán seo á dhéanamh agat thar ceann linbh, tabhair d'ainm, an gaol atá agat leis an leanbh agus aois an linbh:

TABHAIR AR AIRD: TOILIÚ

Má tá an gearán seo á dhéanamh agat thar ceann linbh (faoi 18 mbliana d'aois) níl a dtoiliú de dhíth orainn ach déanfaimid gach iarracht plé leis an leanbh le go mbeidh siad rannpháirteach sa phróiseas gearáin. Beidh aird ag GSOC ar leas leanaí agus iad ag breithniú gearán a dhéantar thar a gceann.

Cad é ba cúis leis an teagmhas (cad a tharla díreach roimhe)?

An gcreideann tú go raibh **fáth** le hiompar an gharda?

An bhfuil aon **fhinné** ann? Tá/Níl

Luaigh aon **fhianaise** eile: (Mar shampla CCTV nó físeán eile, doiciméadacht.)

Tabhair tuairisc ar aon **ghortú nó cóireáil leighis** a fuarthas tar éis an teagmhais. Coinnigh grianghraf agus tuairisc(í) maidir le do ghortuithe.

Má tá do ghearán lasmuigh den teorainn ama

An teorainn ama dhlíthiúil chun gearán a dhéanamh ná **suas le haon bhliain amháin ón dáta a tharla an teagmhas ba chúis le do ghearán**. Ní mór údar maith a bheith ag Ombudsman an Gharda chun déileáil le gearán a dhéantar tar éis na teorann ama sin. Má tharla an teagmhas níos mó ná bliain ó shin, tabhair fáth maith/fáthanna maithe leis an moill le do ghearán a dhéanamh:

Gearán a chur isteach

Is cion coiriúil é “faisnéis bhréagach nó mhíthreorach” a sholáthar do GSOC go feasach.

D’fhéadfaí tú a ionchúiseamh má dhealraítear go ndearna tú amhlaidh. Fíneáil agus/nó téarma sa phríosún an toradh a d’fhéadfadh a bheith air sin.

Cuir tic sa bhosca lena thaispeáint go dtuigeann tú an rabhadh seo.

Dáta an ghearáin:

Am an ghearáin:

Do shíniú:

Faisnéis a úsáid

Ní mór dúinn an Garda Síochána a chur ar an eolas faoi gach gearán a fhaighimid. Má dhéantar imscrúdú ar do ghearán, seans go dtabharfar aon chuid den fhaisnéis ar d’fhoirm ghearáin don Garda Síochána agus do na gardaí a ndearna tú gearán ina leith, le linn imscrúdú. Is féidir faisnéis a bhailíonn GSOC a roinnt le tríú páirtithe freisin, amhail an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, le húsáid in imeachtaí coiriúla nó sibhialta eile, faoi réir ag an dlí is infheidhme maidir le cosaint sonraí. Chun liosta iomlán de na daoine a fhéadfaidh GSOC d’fhaisnéis phearsanta a roinnt leo, léigh ár mbeartais um chosaint sonraí agus príobháideacht ar an láithreán gréasáin a bhfuil a sheoladh thíos.

A2-03-2019



Garda
Ombudsman

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána
150 Sráid na Mainistreach Uachtarach
Baile Átha Cliath 1 | D01 FT73

☎ **Lo-Call 0818 600 800 | 01 871 6727**

🖱 www.gardaombudsman.ie

✉ complaints@gsoc.ie

🐦 [@gardaombudsman](https://twitter.com/gardaombudsman)